Bealtaine 2017/QG7-V1 © QQI

Earnáil-shonrach

# Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta Reachtúil

## arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ar son Boird Oideachais agus Oiliúna

## Boird Oideachais agus Oiliúna

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLAR

1 Réamhrá ..... 2

1.1 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo? ..... 2

1.2 Cé lena mbaineann siad? ..... 2

2 Raon feidhme gnásanna um dhearbhú cáilíochta ..... 3

3 Rialachas agus bainistíocht ..... 4

4 Cláir oideachais agus oiliúna ..... 6

5 Páirtithe eile atá bainteach le hoideachas agus oiliúint ..... 8

5.1 BOOnna ag comhoibriú ar bhonn náisiunta ..... 8

5.2 BOOnna ag comhoibriú le soláthraithe, comhpháirtithe agus forais cháiliúcháin eile ..... 8

# 1 RÉAMHRÁ

Forlíonann na treoirlínte reachtúla, earnáil-shonracha, dearbhaithe cáilíochta (QA) seo do bhoird oideachais agus oiliúna na Croí-Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta atá infheidhmithe do **gach** soláthraí. Cé go soláthraíonn na Croí-Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta an chuid is mó den treoir um dhearbhú cáilíochta a theastaíonn, cuireann na treoirlínte earnáil-shonracha seo leis an gcroílár trí dhíriú ar fhreagrachtaí sonracha na mbord oideachais agus oiliúna (BOOnna) mar atá siad leagtha amach san Acht Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) (Acht 2012). Ba cheart do bhoird oideachais agus oiliúna tagairt a dhéanamh freisin do threoirlínte eile QQI um dhearbhú cáilíochta a bhaineann go sonrach le hábhar, de réir mar is cuí.

Is iad na boird oideachais agus oiliúna na húdaráis reachtúla sin dá dtagraítear san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Leagtar amach sna treoirlínte seo treoirlínte breise reachtúla um dhéarbhú cáilíocht a bhaineann go sonrach le boird oideachais agus oiliúna. Dírítear sna treoirlínte breise DC seo ar fhreagrachtaí na mbord oideachais agus oiliúna mar sholáthraithe suntasacha foras poiblí san earnáil oideachais agus oiliúna a bhfuil freagrachtaí orthu as breisoideachas agus oiliúint.

## 1.2 CÉ LENA MBAINEANN SIAD?

Baineann na treoirlínte seo le boird oideachais agus oiliúna (BOOnna) agus le haon institiúid oideachais nó oiliúna ábhartha arna bhunú agus arna chothabháil ag BOO. Is údaráis reachtúla iad na BOOnna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. I measc na n-institiúidí ábhartha atá á mbainistiú agus á bhfeidhmiú ag BOOnna tá coláistí breisoideachais agus raon ionad oideachais agus oiliúna aosaigh agus breisoideachais a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Bainistíonn agus feidhmíonn BOOnna bunscoileanna agus meánscoileanna freisin, cé nach bhfuil siad seo faoi réir DC ag QQI.

# 2 RAON FEIDHME NA NGNÁSANNA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Is é an beartas náisiúnta ná gur gnásanna cuimsitheacha a bheadh sna gnásanna dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí i gcás na mbord oideachais agus oiliúna. Ciallaíonn sé seo go gclúdóidh siad **gach** seirbhís oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara de chuid BOOnna, is cuma an leanann dámhachtainí QQI astu nó nach leanann, nó dámhachtainí eile a aithnítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) nó dámhachtainí de chuid forais cháiliúcháin, rialála nó reachtúla, seachas soláthar oideachais a thagann faoin Acht Oideachais (1988), amhail oideachas bunscoile agus dara leibhéal.

Braithfidh raon na ngnásann um dhearbhú cáilíochta d'aon bhord oideachais agus oiliúna aonair ar struchtúr an BOO lena mbaineann agus ar éagsúlacht na ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus ar raon feidhme sholáthar an BOO sin de réir a phlean straitéisigh. Baineann raon feidhme na ngnásanna um dhearbhú cáilíochta freisin le castacht an tsoláthair, cé chomh gníomhach is atá BOOnna ina bpobail áitiúla agus ar a bhfud, agus caidreamh le BOOnna agus geallsealbhóirí eile. Áirítear leis seo teagmháil le páirtithe eile chun críocha cláir oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar agus raon na bhforas cáiliúcháin, rialála, gairmiúla nó reachtúla a bhféadfadh BOOnna dul i mbun oibre leo nó a bheith cuntasach dóibh.

Tá na treoirlínte earnáil-shonracha seo leagtha amach i gcomhthéacs ginearálta na féidearthachta do BOOnna tarmligean údaráis a lorg ó QQI chun a gcuid dámhachtainí féin a dhéanamh faoi Acht 2012. Tagraíonn siad do chur chuige earnála i dtreo treoirlínte um dhearbhú cáilíochta a chur i dtoll a chéile lena n-aithnítear an leibhéal ard comhair, comhoibrithe agus crostagartha, ar go leor forbairtí, lena n-áirítear dearbhú cáilíochta, atá laistigh den earnáil BOO.

# 3 RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 a bhunaítear boird oideachais agus oiliúna. Féachfaidh gnásanna um dhearbhú cáilíochta a bhunófar do na struchtúir reachtúla in Acht 2013 agus d'aon chód/chóid rialachais gaolmhar (Cód Rialachais na mBord Oideachais agus Oiliúna, na Cóid chun Comhlachtaí Stáit a Rialú); ciorcláin arna n-eisiúint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna; téarmaí na gceanglas maoinithe agus pleanála faoi SOLAS, ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le foireann rialaithe agus oibleagáidí reachtúla ábhartha eile mar fhorais earnála poiblí.

Feidhmeoidh na gnásanna DC maidir le rialachas agus bainistiú BOO ag go leor leibhéil agus sraith den eagraíocht. I bhfianaise nádúr scaipthe, éagsúil agus athraitheach na BOOnna, tá sé tábhachtach go mbeadh córas ilsraitheach i bhfeidhm ionas go ndéanfaí monatóireacht ar cháilíocht agus ar a dhearbhú ar bhealach comhsheasmhach agus cuí laistigh de agus ar fud rannáin nó institiúidí éagsúla BOO. Tagraíonn siad seo don iliomad scoileanna, coláistí, ionad oiliúna agus seirbhísí oideachais aosaigh pobalbhunaithe, agus soláthraithe ar conradh atá ag gabháil do sheachadadh agus do mheasúnú na gclár oideachais agus oiliúna. Ba cheart do na gnásanna um dhearbhú cáilíochta arna mbunú ag BOOnna cothromaíocht a bhaint amach idir freagracht chorparáideach

BOO agus freagracht trína léirítear meas ar róil agus ar chuntasachtaí suntasacha na n-ionad, na rannán agus na n-institiúidí éagsúla ar thúslíne an tsoláthair oideachais agus oiliúna.

Seo an toradh a bheas ar na gnásanna DC um rialachas agus bainistíocht:

- freagracht chorparáideach iomlán an BOO, atá dílsithe sa Phríomhfheidhmeannach le tacaíocht ó bhainistíocht shinsearach an BOO, a chur san áireamh i ngach gné den straitéis, den rialachas agus den bhainistíocht dearbhaithe cáilíochta ar fud an aonáin chorparáidigh. Tá tábhacht as cuimse leis an tiomantas corparáideach don cháilíocht agus d'fhorbairt cultúir ardchaighdeáin maidir leis seo. Áirítear leis seo bonn acmhainní atá dóthanach chun inbhuanaitheacht a chinntiú;
- a léiriú go soiléir an tslí a ndéanfar maoirseacht ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta maidir le freagrachtaí sonracha as dearbhú cáilíochta ag ardleibhéal pleanála, agus ar fud na n-institiúidí oideachais agus oiliúna arna mbunú agus arna gcothabháil ag an BOO;
- a léiriú go soiléir an tsli a ndéanfar maoirseacht ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta a chothabháil agus a fheidhmiú in éineacht le cinnteoireacht áitiúil sna hinstitiúidí oideachais nó oiliúna éagsúla arna mbunú agus arna gcothabháil ag BOO;
- a léiriú go soiléir an bhaint idir na róil agus na freagrachtaí maidir le dearbhú cáilíochta agus cinnteoireacht agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus na róil agus na freagrachtaí cáilíochta laistigh de na gníomhaíochtaí sin;
- cur síos a dhéanamh ar na róil agus na freagrachtaí atá ann maidir le gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta agus rialachas an teagaisc agus na foghlama a chomhordú go háitiúil sna hinstitiúidí oideachais nó oiliúna éagsúla arna mbunú agus arna gcothabháil

1 Is é ETBI an cumann ionadaíoch náisiúnta de shé bhord oideachais agus oiliúna déag na hÉireann (BOOnna) www.etbi.ie

ag BOO; agus ag an ardleibhéal corparáideach laistigh de BOO. Ba cheart go n-áireofaí leo seo gníomhaíochtaí comhoibritheacha dearbhaithe cáilíochta agus forbairtí comhoibríocha le ETB[1], le BOOnna eile agus le forais eile oideachais agus oiliúna agus le geallsealbhóirí.

Agus comhthéacs aonair gach BOO á chur san áireamh, tabharfar i ngnásanna dearbhaithe cáilíochta a bhunófar aird ar bheartais agus ar chreataí earnála BOO arna mbunú ag ETBI chun cur chuige comhpháirteacg agus comhsheasmhach a chinntiú ar fud na hearnála.

# 4 CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Tá BOO freagrach as dearadh, forbairt, ceadú, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár, lena n-áirítear cláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI.

Chomh maith le hathbhreithnithe tréimhsiúla rialta a dhéanamh ar chláir (nó trí iad a chuimsiú), ba cheart do BOOnna athbhreithnithe cáilíochta a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne, ar réimsí nó aonaid oiliúna, acadúla, riaracháin agus seirbhíse de réir mar is cuí i ngach comhionad agus coláiste. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin athbhreithnithe téamacha a dhéanamh ar shaincheisteanna uile-institiúide mar chuid de thimthriall rialta na meastóireachta inmheánaí.

Ba cheart athbhreithnithe cáilíochta tréimhsiúla a thuiscint i gcomhthéacs raon meicníochtaí eile in institiúidí oideachais agus oiliúna, a gcaithfidh siad idirghníomhú leo agus a gcaithfidh siad tacú leo má tá siad le bheith lánéifeachtach. Ba cheart cineálacha cur chuige corparáideacha comhtháite maidir le feabhsú cáilíochta a dhearadh chun deireadh a chur le dúbailt neamhriachtanach, ualach a laghdú, sineirgíocht a chur chun cinn agus tacú leis an gcóras bainistíochta.

I dteannta na mbeart cáilíochta sainráite atá beartaithe i gcroí-threoirlínte DC QQI agus sna treoirlínte earnáil-shonracha seo tá sé tábhachtach a aithint go gcuirfidh meicníochtaí seanbhunaithe amhail an córas fíordheimhnithe seachtrach; féinmheastóireacht agus anailís institiúideach; agus feidhmeanna pleanála straitéisí go mór le cáilíocht freisin.

Áireofar ar na gnásanna um dhearbhú cáilíochta atá i bhfeidhm:

- Tacaíocht do dhearadh, d'fhorbairt agus do cheadú clár agus don phróiseas monatóireachta.
  - I gcás ina bhfuil cláir á bhforbairt le go mbeidh dámhachtainí QQI mar thoradh orthu, ba cheart go mbeadh an próiseas forbartha bunaithe ar chritéir bhailíochtaithe QQI, mar atá leagtha amach i *mBeartais agus i gcritéir QQI maidir le bailíochtú clár oideachais agus oiliúna, Aibreán 2016.* Má dhírítear orthu seo ag céim luath den phróiseas, is mó seans go mbeidh gach cuid den phróiseas bailíochtaithe éasca.
  - Ní mór socruithe le forais cháiliúcháin eile a dhoiciméadú go foirmiúil agus ní mór fógra a thabhairt do QQI sula ndéantar aon socrú dá leithéid.
- Iarratais ar bhailíochtú clár as a leanfaidh dámhachtainí QQI a ullmhú. Áirítear leis seo mar shampla:
  - dóthain ama a chur i leataobh le haghaidh bailíochtú;
  - idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla próiseas m.sh.:
    - *Cláir a bhfuil curaclam inroinnte acu le haghaidh bailíochtú chéaduaire;*
    - *Cláir atá bunaithe ar churaclam comhroinnte – bailíochtú difreálach;*
    - *Cláir as a leanann dámhachtainí CAS;*
    - *Cláir as a dtagann dámhachtainí neamh-CAS;*
    - *Cláir a thairgfear i gcomhpháirt le comhpháirtí comhoibríoch;*
    - *Cláir a cuireadh i dtoll a chéile do phrintíseacht reachtúil.*

– na critéir a shainaithint nach mór do láionaid BOO (acmhainní foirne agus neamhfhoirne) a chomhlíonadh le gur féidir leo clár arna bhailíochtú ag QQI a sholáthar.

- Cinneadh a dhéanamh maidir le hacmhainn gach ionad BOO chun clár oideachais agus oiliúna ar leith a sholáthar. Áireoidh gnásanna den sórt sin:
  - measúnú ar chumas an lárionaid clár bailíochtaithe a sholáthar; agus
  - tuairisciú ón lárionad don BOO ar aon athrú ar a chumas cláir arna mbailíochtú ag QQI a sholáthar.
- Pleanáil do gach soláthar laistigh de lárionad. Féadfaidh na cláir eile a chuireann lárionad ar fáil cheana féin teorainn a chur lena gcumas clár nua a sholáthar. Beidh an tsraith clár a sholáthróidh gach lárionad laistigh dá acmhainn iomlán i gcónaí. Tá gnásanna oiriúnacha i bhfeidhm chun pleanáil don soláthar.
- Tacú le dearadh comhoibríoch foirmiúil agus forbairt curaclam comhroinnte ar fud na hearnála BOO do chláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI agus na próisis formheasa mar atá siad leagtha amach i *mBeartais agus i gcritéir QQI maidir le bailíochtú clár oideachais agus oiliúna, Aibreán 2016* agus iad a chumasú.
- Pleanáil chorparáideach agus maoirseacht BOO. Áirítear leis seo monatóireacht agus tuairisciú ar sholáthar iomlán na gclár i gcomhthéacs shaolré an chláir ar fud na n-ionad go léir arna oibriú ag BOO, ag féachaint do riachtanais oideachais, fostaíochta, shóisialta agus chultúrtha. Ba cheart go gcuimseodh siad seo, mar shampla:
  - pleanáil, forbairt agus cothabháil na n-acmhainní a theastaíonn chun cumas a chinntiú chun tacú le soláthar agus cáilíocht clár ag an bpointe seachadta (i lárionaid/ institiúidí BOO);
  - féachfaidh pleanáil foirne agus cumas leanúnach bainistíochta don bhonneagar rialála gairmiúil atá i bhfeidhm do BOOnna;
  - córais a fhorbairt agus a phleanáil chun teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a chur chun cinn i ngach timpeallacht fhoghlama ábhartha (m.sh. san ionad oibre, i dtimpeallachtaí solúbtha dáilte (r-fhoghlaim), sa seomra ranga, agus i dtimpeallachtaí oiliúna praiticiúla) agus monatóireacht a dhéanamh air seo ag leibhéal an lárionaid agus ag leibhéal an BOO;
  - córais a fhorbairt agus a phleanáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnásanna chun foghlaimeoirí a mheasúnú chun cothroime, comhsheasmhacht agus oiriúnacht don chuspóir a chinntiú agus monatóireacht a dhéanamh air seo ag leibhéal an lárionaid agus ag leibhéal an BOO;
  - nithe a bhaineann le fostaíocht dá dteastódh, b'fhéidir, na nithe seo a leanas, mar shampla: caidreamh córasach le fostóirí, grúpaí sóisialta, grúpaí cultúrtha agus institiúidí oideachais a chuireann cinn scríbe ionchasacha ar fáil d'fhoghlaimeoirí críochnaithe (céimithe BOO).

# 5 PÁIRTITHE EILE ATÁ BAINEACH LE HOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

## 5.1 BOOnna A CHOMHOIBRÍONN AR BHONN NÁISIUNTA

Tagraíonn reachtaíocht BOO d'fhorbairt fhoirmiúil, chomhoibríoch agus/nó chomhroinnte mar atá leagtha amach in ailt 21 go 23 agus éascaíonn sí an fhorbairt sin. Aithnítear comhoibriú mar dheis thacúil agus thar a bheith tairbheach a neartóidh na socruithe go léir a chuirtear i bhfeidhm don earnáil. Tá struchtúir fhoirmiúla chomhoibrithe bunaithe ag na BOOnna trí ETBI chun an bonneagar agus na creataí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais chóras cuimsitheach um dhearbhú cáilíochta don earnáil.

Foráiltear sna gnásanna um dhearbhú cáilíochta do BOO do ghnásanna foirmiúla a bhunú le haghaidh:

- Socruithe comhroinnte nó comhoibríocha a fhorbairt ar bhonn comhoibríoch, mar go mbíonn tionchar acu ar go leor ábhar atá lárnach d'aon chóras dearbhaithe cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí. Mar shampla:
  - Córais Faisnéise Bainistíochta
  - tograí le haghaidh caighdeáin dámhachtainí nua
  - tograí le haghaidh cineálacha nua clár
  - feidhmíocht ceannaireachta agus forbairt ghairmiúil
  - comhsheasmhacht na gcaighdeán a baineadh amach do na dámhachtainí céanna QQI ar fud na mBord Oideachais agus Oiliúna trí, mar shampla, straitéisí measúnaithe agus ionstraimí/fíordheimhniú seachtrach/achomhairc
  - athbhreithniú piaraí agus tagarmharcáil
  - forbairt agus athbhreithniú ar churaclam comhroinnte
  - taifid foghlaimeora agus deimhniúcháin a chomhroinnt i measc BOOnna
  - beidh ar lárionaid agus ar BOOnna féinmheastóireacht/féinmhonatóireacht a dhéanamh fós ar an leibhéal náisiúnta
- Gnásanna chun bonn a chur faoi na socruithe oibriúcháin agus na torthaí ar aon socruithe comhoibríocha den sórt sin agus faoin tslí a ndéanfar iad a bhainistiú laistigh de na BOOnna i gcomhthéacs tacú le córais dearbhaithe cáilíochta.

## 5.2 BOOnna AG COMHOIBRIÚ LE SOLÁTHRAITHE, COMHPHÁIRTITHE AGUS FORAIS CHÁILIÚCHÁIN EILE

Ceanglaítear ar BOOnna féachaint do na croí-threoirlínte reachtúla um dhearbhú cáilíochta agus ar na treoirlínte dearbhaithe cáilíochta sainearnála seo agus:

- a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú, á n-athnuachan agus á n-athbhreithniú;

agus

- measúnú a dhéanamh ar ghnásanna um dhearbhú cáilíochta soláthraithe nó comhpháirtithe eile a bhfuil siad ag obair leo chun cláir as a dtiocfaidh a ndámhachtainí féin nó comhdhámhachtainí a sheachadadh.

Tagraítear sa chuid seo do dhearbhú cáilíochta i gcás comhoibriú le soláthraithe eile. Cinnteoidh gnásanna arna mbunú ag BOOnna go ndéanfar socruithe comhoibríocha le soláthraithe agus comhpháirtithe eile a cheadú agus go ndéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na socruithe sin. Gheofar treoir bhreise ar na réimsí a bheidh le breithniú ina leithéid de ghnásanna i m*Beartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Soláthar Trasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí 2012*. Léiríonn na treoirlínte seo an dícheall cuí leathan agus an measúnú riosca atá le déanamh maidir le soláthraithe atá ag lorg rochtana ar dhámhachtainí sa CNC. Díríonn siad ar chumas an tsoláthraí cláir a sheachadadh go leordhóthanach as a leanfaidh dámhachtainí sa CNC (sa chás seo, i gcomhar le BOO), comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla, acmhainní soláthraithe agus rialachas soláthraithe.

Is achoimre iad na treoirlínte seo a leanas ar réimsí táscacha le breithniú ag BOOnna maidir le soláthraithe atá ag iarraidh cláir a thairiscint i socrú comhoibríoch le BOO nó soláthraithe atá ag iarraidh leanúint de chláir a thairiscint faoi shocrú comhoibríoch atá ann cheana féin le BOO. Ba cheart na treoirlínte a léirmhíniú i gcomhréir leis an leibhéal freagrachta a tharmligeann BOO chuig soláthraí nó soláthraithe. Tá feidhm ag na treoirlínte ina n-iomláine nuair a tharmligtear freagracht shuntasach. I gcás ina ndéantar níos lú freagrachta a tharmligean, ní bhíonn na hionchais chomh trom céanna:

**1. Ceanglais dlí, clú agus comhlíonta**

- Aonán dlíthiúil bunaithe, arb é oideachas agus oiliúint a phríomhfheidhm.
  - Ní mór gur duine dlítheanach atá sainaitheanta go soiléir é an t-eintiteas dlíthiúil, a bhfuil cearta agus freagrachtaí aige faoin dlí.
  - Ní mór an t-eintiteas dlíthiúil a bheith bunaithe san Aontas Eorpach, ag féachaint do na socruithe atá i bhfeidhm do Bhreatimeacht RA, agus láithreacht shubstaintiúil a bheith aige in Éirinn.
- Spleáchais, socruithe comhoibrithe, oibleagáidí, máthair-eagraíochtaí agus fochuideachtaí atá sonraithe go soiléir a bheith acu.
- Aon chaidreamh agus comhpháirtíochtaí tríú páirtí a dhearbhú.
- Cloí le rialacháin agus reachtaíocht infheidhmithe i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn sé.
- Seasamh maith a bheith aige sna córais cháilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna in aon dlínsí ina bhfeidhmíonn sé (nó ina bhfeidhmíonn a mháthair-chuideachtaí nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le forais cháiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cháilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, forais ghairmiúla agus rialtóirí.

**2. Ceanglais acmhainní, rialachais agus struchtúracha**

- A bheith cobhsaí agus i riocht maith airgeadais.
- Cás gnó réasúnta a bheith agat maidir le soláthar inbhuanaithe.
- Struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta atá oiriúnach don fheidhm a bheith acu.
- Socruithe a dhéanamh chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don BOO.
- A bheith in ann oideachas agus oiliúint agus/nó an tseirbhís ghaolmhar a sheachadadh mar a léirítear trí thaithí agus cuntas teiste i dtaca le clár oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.
- Acmhainní dóthanacha a bheith acu, chomh maith le córais dearbhaithe cáilíochta chorparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha a bheith i bhfeidhm, chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar ar shlí inbhuanaithe.

**3. Riachtanais ó thaobh clár a fhorbairt agus a sholáthar**

- A chumas a léiriú chun cláir a dhearadh, a fhorbairt, a sholáthar agus a athbhreithniú de réir mar is cuí agus cloí leis na coinníollacha caighdeánacha maidir le ceadú clár.
- Líon foirne oideachais agus oiliúna atá oiriúnach don fheidhm agus atá seasmhach a bheith ar fáil.
- Áitreabh, áiseanna agus acmhainní atá oiriúnach don fheidhm a bheith ar fáil.
- Struchtúir agus acmhainní a bheith ar fáil mar bhonn is mar thaca le measúnú cothrom agus comhsheasmhach, oiriúnach don fheidhm ar ghnóthachtáil an fhoghlaimeora.
- Socruithe a dhéanamh chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint.

**4. Athruithe suntasacha ar riachtanais**

Ar chuir an soláthraí aon athruithe suntasacha ar na ceanglais atá leagtha amach in 1 go 3 thuas in iúl?

Déanfaidh gnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú ag BOOnna faoin alt seo idirdhealú idir na catagóirí éagsúla clár. Áirítear leis seo cásanna mar shampla:

- ina ndéanann QQI clár a bhailíochtú agus ina bhfuil gnásanna um dhearbhú cáilíochta atá ceadaithe ag QQI i bhfeidhm ag an soláthraí agus is é soláthraí an chláir atá freagrach go príomha agus cuntasach do QQI as soláthar an chláir;
- déanann QQI clár a bhailíochtú agus déanann BOO an clár a sholáthar i gcomhar le soláthraithe eile;
- déanann foras cáiliúcháin clár a bhailíochtú (as a leanann dámhachtain atá aitheanta laistigh den CNC) agus a sholáthraíonn soláthraí a bhfuil gnásanna inmheánacha um dhearbhú cáilíochta aige don chlár agus atá faoi réir DC seachtrach ón bhforas cáiliúcháin;
- déanann foras cáiliúcháin clár a bhailíochtú (as a leanann dámhachtain a aithnítear laistigh den CNC) agus soláthraíonn an BOO an clár i gcomhar le soláthraithe eile